

## **Comhairle Contae Fhine Gall**

### **Scéim Tosaíochta maidir le Socruithe Ceannaigh Áitribh Inacmhainne**

Alt 85 den Acht Thithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (“an tAcht”) arna leasú agus na Rialacháin um Thithíocht (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (Cuid 5) 2019 (IR Uimh. 81 de 2019) (“na Rialacháin”)

Arna glacadh ag Comhairle Contae Chill Fhine Gall, an 13 Bealtaine, 2019.

Is é aidhm na Scéime Tosaíochta seo an bealach a chuireann an Chomhairle socruithe ceannaigh áitribh inacmhainne ar fáil a leagan amach agus an mhodheolaíocht a chuirfear i bhfeidhm chun an t-ord tosaíochta atá le tabhairt do theaghlaigh incháilithe a chinneadh i gcás ina mbeidh an t-éileamh ar shocruithe den sórt sin níos mó ná na teaghaisí nó na hacmhainní a bheidh ar fáil.

Déanfar incháilitheacht teaghlach a mheas de réir Alt 84 den Acht Thithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 (arna leasú) agus de réir na Socruithe Ceannaigh Áitribh Inacmhainne 2019 (IR Uimh. 81 de 2019).

#### **Cuid 1: Modh ina gcuirfear Áitribh Inacmhainne ar fáil**

1. Sa chás go bhfuil sé i gceist ag an gComhairle teaghaisí a chur ar fáil in áit nó in áiteanna áirithe le haghaidh socruithe ceannaigh áitribh inacmhainne de réir an Achta, déanfaidh sí an méid seo a leanas:
  - 1.1. A ríomh, de réir na reachtaíochta ábhartha, na tairseacha ioncaim ábhartha chun incháilitheacht teaghlaigh do gach cineál teaghaise a chuirfear ar fáil a chinneadh.
  - 1.2. Tráth nach déanaí ná trí mhí roimh an dáta a mheasfar a bheidh an mhaoin áirithe curtha i gcrích, infhaighteacht na maoine a fhógairt i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear laistigh den cheantar riaracháin agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
  - 1.3. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a chuirfear ar fáil san fhógra:
    - 1.3.1. an áit nó na láithreacha agus sonraí faoin gcineál nó na cineálacha teaghaise a bheidh le cur ar fáil,
    - 1.3.2. an bealach ar féidir iarratas a dhéanamh, lena n-áirítear an dáta ar a nglacfaidh an Chomhairle le hiarratas,
    - 1.3.3. na tairseacha glanioncaim teaghlaigh a bheidh i bhfeidhm d’fhonn incháilitheacht a chinneadh,
    - 1.3.4. an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais den sórt sin.

2. Ní bhreithneofar iarratais ach ar na teaghaisí atá faoi réir fógra. Ní mór do theaghlach iarratas ar leithligh a chur isteach maidir le gach fógra más mian leis go mbreithneofaí é le haghaidh na maoinne san fhógra.
3. Sa chás go bhfuil sé i gceist ag an gComhairle cúnamh airgeadais a sholáthar faoi Alt 81 den Acht do theaghlach incháilithe chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach, déanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas:
  - 3.1. Mí amháin ar a laghad roimh an dáta a mbeidh an cúnamh airgeadais ar fáil, fógróidh sí go bhfuil cúnamh airgeadais ar fáil, lena n-áirítear an méid iomlán atá ar fáil i nuachtán amháin ar a laghad a scaiptear laistigh den cheantar riaracháin agus ar shuíomh gréasáin na Comhairle.
  - 3.2. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis a chuirfear ar fáil san fhógra:
    - 3.2.1. méid iomlán an chúnamh airgeadais a chuirfear ar fáil,
    - 3.2.2. an bealach ar féidir iarratas a dhéanamh, lena n-áirítear an dáta ar a nglacfaidh an Chomhairle le hiarratas,
    - 3.2.3. na tairseacha ioncaim teaghlach a bheidh i bhfeidhm d'fhonn incháilitheacht a chinneadh,
    - 3.2.4. an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais den sórt sin.

## **Cuid 2: Ordú Tosaíochta do Theaghlach Incháilithe**

4. Sannfar ordú iarratais d'iarratais a gheofar roimh an dáta deiridh. Measfar iarratais, de réir dealraimh, a chomhlíonann na critéir incháilitheachta, ar bhonn na faisnéise a sholáthraíonn an teaghlach iarratasóra, a bheidh incháilithe chun an scéim tosaíochtaí a chur i bhfeidhm, de réir Rialachán 4 de na Rialacháin, faoi réir dearbhaithe níos déanaí tríd an bhfianaise dhoiciméadach a thabhairt ar aird maidir le hincháilitheacht.
5. Ansin cinnfidh an t-údarás tithíochta cé acu de na cineálacha teaghaise atá ar fáil a fhreastalódh go leordhóthanach ar riachtanais tithíochta na dteaghlach iarratasóra. D'fhéadfaí a mheas go bhfreastalaíonn níos mó ná cineál amháin teaghaise ar riachtanais chóiríochta tí áirithe, ionas gur féidir tosaíocht a thabhairt do theaghlach iarratasóra do níos mó ná cineál amháin teaghaise sa chás gur léirigh siad an spéis sin ina bhfoirm iarratais.

Is ar an mbonn seo a leanas a dhéanfar an cinneadh maidir le cén cineál teaghaise(i) a mheastar a fhreastalaíonn go leordhóthanach ar riachtanais chóiríochta teaghlach:

<b>Cineál Áitribh</b>	<b>Comhlíontar riachtanais chóiríochta de:</b>
Teaghais le sheomra leapa amháin	Teaghlach de dhuine amháin nó níos mó
Teaghais le dhá sheomra leapa	Teaghlach de dhuine amháin nó níos mó
Teaghais le trí sheomra leapa	Teaghlach de bheirt nó níos mó
Teaghais le ceithre sheomra leapa	Teaghlach de cheathrar nó níos mó

**6. Tabharfar tosaíocht do theaghlaigh a mheasfar a bheith incháilithe chun teaghaisí inacmhainne a cheannach san ord seo a leanas:**

- 6.1. I gcás go sáraíonn líon na n-iarratasóirí líon na n-áitreabh inacmhainne atá le díol, tabharfaidh an t-údarás tithíochta, i ndáil le haon chineál áirithe teaghaise, tosaíocht do theaghlaigh a ndéanfaidh an cineál teaghaise atá i gceist freastal go leordhóthanach ar a riachtanais chóiríochta (= Teaghlaigh Aicme A).
- 6.1.1. I gcás go mbeidh líon na dteaghlach Aicme A (ie iad siúd a mbeadh freastal leordhóthanach ar a gcuid riachtanas cóiríochta de réir an chineáil teaghaise atá i gceist) níos lú ná líon an chineáil sin teaghaise, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh d'Aicme A) tosaíocht do theaghlaigh eile san ord ina ndearna siad iarratas.
- 6.2. Sa chás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme A níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tús áite do theaghlaigh d'Aicme A a raibh aon duine dá mbaill ina gcónaí i limistéar an údarais tithíochta ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí díreach roimh an iarratas (= teaghlaigh Aicme B).
- 6.2.1. I gcás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme A níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, ach go bhfuil líon na dteaghlach Aicme B níos lú ná líon na dteaghais sin, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme B) tús áite do theaghlaigh eile d'Aicme A san ord ina ndearna siad iarratas.
- 6.3. Sa chás go bhfuil líon na dteaghlach d'Aicme B níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh a bhfuil ball teaghlaigh acu atá cláraithe mar mhac léinn lánaimseartha le scoil nó ollscoil nó institiúid oideachais eile laistigh d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar den teaghais/na teaghaisí atá ar díol (= teaghlaigh d'Aicme C).
- 6.3.1. Sa chás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme B níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, ach go bhfuil líon na dteaghlach Aicme C níos lú ná líon na dteaghais sin, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme C) tosaíocht do Theaghlaigh Aicme B a bhfuil ball teaghlaigh acu atá fostaithe ag áit laistigh d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar ón teaghais / na teaghaisí atá ar díol (= Aicme D).
- 6.3.2. I gcás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme B níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, ach go bhfuil líon na dteaghlach Aicme C agus na dteaghlach Aicme D níos lú ná líon na dteaghais sin, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme C agus Aicme D) tús áite do theaghlaigh eile d'Aicme B san ord ina ndearna siad iarratas.
- 6.4. Sa chás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme C níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh Aicme C a bhfuil ball teaghlaigh acu atá fostaithe ag áit laistigh d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar ón teaghais( í) atá ar díol (= teaghlaigh Aicme E).

6.4.1. I gcás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme C níos mó ná líon an chineáil ábhartha teaghaise, ach go bhfuil líon na dteaghlach Aicme E níos lú ná líon na dteaghais sin, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme E) tús áite do theaghlaigh eile d'Aicme C san ord ina ndearna siad iarratas.

6.5. Sa chás go bhfuil líon na dteaghlach Aicme E níos mó fós ná líon na dteaghais ábhartha atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht d'iarratasóirí Aicme E san ord inar chuir siad iarratas isteach.

## **7. Tabharfar tosaíocht do theaghlaigh a mheastar a bheith incháilithe do chúnamh airgeadais chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach, san ord seo a leanas:**

7.1. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais go léir atá á lorg chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil don údarás tithíochta an tráth sin chun na críche seo, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh a bhfreastalóidh an cineál teaghaise atá i gceist orthu (= teaghlaigh Aicme A).

7.1.1. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, ach go mbíonn an chúnamh airgeadais atá á lorg ag teaghlaigh Aicme A níos lú ná na cistí atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme A) tosaíocht do theaghlaigh eile san ord ina ndearna siad iarratas.

7.2. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile a n-iarrann teaghlaigh d'Aicme A air chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta ag an tráth sin chun na críche seo, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh d'Aicme A a bhfuil aon cheann dá mbaill ina chónaí i gceantair an údaráis tithíochta ar feadh tréimhse nach lú ná 12 mhí díreach roimh an iarratas (= teaghlaigh Aicme B).

7.2.1. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh Aicme A chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, ach go mbíonn an chúnamh airgeadais atá á lorg ag teaghlaigh Aicme B níos lú ná na cistí atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme B) tosaíocht do theaghlaigh eile d'Aicme A san ord inar chuir siad iarratas isteach.

7.3. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh d'Aicme B chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh a bhfuil ball teaghlaigh acu atá cláraithe mar scoláire lánaimseartha le scoil nó ollscoil nó institiúid oideachais eile laistigh

d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar ón teaghais a bhfuil sé beartaithe a cheannach (= teaghlaigh d'Aicme C).

- 7.3.1. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh Aicme B chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin chun na críche seo, ach go mbíonn an cúnamh airgeadais atá á lorg ag teaghlaigh Aicme C níos lú ná na cistí atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme C) tús áite do theaghlaigh d'Aicme B a bhfuil ball teaghlaigh acu atá fostaithe ag áit laistigh d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar ón teaghais a bhfuil sé beartaithe a cheannach (= teaghlaigh d'Aicme D).
- 7.3.2. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh Aicme B chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, ach go mbíonn an cúnamh airgeadais atá á lorg ag teaghlaigh d'Aicme C agus ag teaghlaigh d'Aicme D níos lú ná na cistí atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh d'Aicme C agus d'Aicme D) tosaíocht do theaghlaigh eile d'Aicme B san ord inar chuir siad iarratas isteach.
- 7.4. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh d'Aicme C chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht do theaghlaigh a bhfuil ball teaghlaigh acu atá fostaithe ag áit laistigh d'achar líne dhíreach de 70 ciliméadar ón teaghais a bhfuil sé beartaithe a cheannach (= teaghlaigh d'Aicme E).
- 7.4.1. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh d'Aicme C chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, ach go mbíonn an cúnamh airgeadais atá á lorg ag teaghlaigh Aicme E níos lú ná na cistí atá ar fáil, tabharfaidh an t-údarás tithíochta (tar éis freastal ar theaghlaigh Aicme E) tosaíocht do theaghlaigh eile d'Aicme C san ord inar chuir siad iarratas isteach.
- 7.5. Sa chás go mbíonn comhiomlán an chúnamh airgeadais uile atá á lorg ag teaghlaigh Aicme E chun teaghaisí margaidh oscailte a cheannach níos mó ná na cistí atá ar fáil d'údarás tithíochta an tráth sin, chun na críche seo, tabharfaidh an t-údarás tithíochta tosaíocht d'iarratasóirí Aicme E san ord inar chuir siad iarratas isteach.
8. Sula dtairgfear socruithe ceannaigh teaghaise inacmhainne dóibh, féadfar a cheangal ar theaghlaigh iarratasóra fianaise dhoiciméadach a sholáthar maidir leis na hábhair a dhaingnigh iad a áireamh in aicmí tosaíochta a leagtar amach thuas (i dteannta le fianaise a sholáthar maidir leis na critéir incháilitheachta).